# SEACHTAIN MATA

## GLAC PÁIRT AR LÍNE, AG IONAID BHEO AGUS I SCOILEANNA

Seachtain Mhata na hÉireann
MATA DO CHÁCH

## 12-20 DEIREADH FÓMHAIR 2024

'SA BHLIAIN 1982 ÓSTÁLADH AN CHÉAD CHOMÓRTAS LUAIS CHRAOBH AN DOMHAIN RIAMH I MBÚDAIPEIST. 22.95 SOICIND AB EA AN T-AM A BHUAIGH!'

'IS AG FELIKS ZEMDEGS ATÁ AN CHURIARRACHT AS AN RÉITEACH IS TAPÚLA I GCOMÓRTAS OIFIGIÚIL. THÓG SÉ 4.22 SOICIND AIR'




## ERNŐ RUBIK



Ba é **Ernő Rubik,** Ungárach a bhí ina Ollamh le Dearadh ag Acadamh na nEalaíon Feidhmeach agus Dearadh i mBúdaipeist a cheap Ciúb an Rubik agus is é **"Ciúb Draíochta"** a ghlaoití ar an gCiúb ar dtús.

Cé gur cuireadh ar an margadh é mar uirlis oideachais chun rudaí tríthoiseacha a thuiscint, thárla go raibh sceitimíní ar a lucht leanúna an domhain faoi. Tugthaí **"ciúbairí"** orthu siúd agus tá éileamh air i gcónaí sa lá atá inniu ann.

In 2024 táimid ag **comóradh 50 bliain** ó cruthaíodh Ciúb an Rubik.

Toisc nach raibh ar chumas formhór na ndaoine ach taobh amháin nó dhá thaobh a réiteach, foilsíodh a lán leabhar chun cabhrú le daoine an ciúb a réiteach. Áirítear orthu Nótaí David Singmaster ar *"Magic Cube"* le Rubik (1980) agus *You Can Do the Cube* le Patrick Bossert (1981).

## CUIR DO SCOIL AR AN LÉARSCÁIL!

Cláraigh do scoil ar shuíomh **gréasáin Sheachtain na Mata**, le cur in iúl dúinn go bhfuil tú ag glacadh páirte i Seachtain na Mata, agus go mbeidh deis agat roinnt **Duaiseanna Sheachtain na Mata a bhuachan!**

'CHRUTHAIGH PATRICK BOSSERT, BUACHAILL 13 BLIANA D'AOIS, AN CHÉAD TREOIR RIAMH'

## GLAC PÁIRT!

- Imeachtaí Beo
- Seónna Laethúla ar MathsWeekTV
- Comórtas na Súile Mata
- Tráth na gCeist Móra Scoile
- Cluichí Oilimpeacha Sheachtain Mata do dhaoine i ngach aois
- Dúshlán an Spriocchláir Laethúil
- Cluichí ar líne

'RÉITIGH RÓBAT DARBH AINM SUB1 CIÚB AN RUBIK LAISTIGH DE 0.887 SOICIND!'

'IS FÉIDIR 43 CUINTILLIÚN IARRACHT A DHÉANAMH AR CHIÚB AN RUBIK, IS É SIN 43,252,003,274,489,856,000 SOCRÚ A D'FHÉADFAÍ A DHÉANAMH'



Seachtain Mhata na hÉireann
MATA DO CHÁCH

12-20 Deireadh Fómhair 2024

#IUseMaths #MathsWeek2024

Cláraigh anois ar **mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU

Le tacaíocht ó
Taighde Éireann / Research Ireland
The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais Department of Education